COMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN THUAIDH

PLEAN CORPARÁIDEACH

2005 – 2009

'ag obair leis an bpobal'

Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh, Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, An tAonach, Co. Thiobraid Árann.

Guthán: 067 44500 Facs: 067 33134
Seoladh Idirlín: www.tipperarynorth.ie ríomhphost:countysecretary@northtippcoco.ie

Foilsítear an doiciméad seo as Gaeilge agus as Béarla. I gcás go mbeadh éagsúlacht céille idir leagan an dá theanga, beidh an cinneadh deireanach maidir leis an gciall cheart, ag Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh.

RÉAMHRÁ

Ghlac Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh leis an gcéad Phlean Corparáideach dá cuid ar an 2ú lá Aibreán 2001. Leag an Plean amach creatlach don eagraíocht don tréimhse 2001-2005. Leag sé amach an misean, spriocanna agus cuspóirí socraithe na heagraíochta, maidir leis an iliomad feidhmeanna agus imeachtaí a bhíonn aici. Ó glacadh leis, cuirtear tuairiscí débhliantúla faoi bhráid na Comhairle, a leagann amach an dul chun cinn maidir leis na straitéisí éagsúla agus molann siad leasuithe ar straitéisí áirithe, nuair is cuí.

Cuireann an Plean seo le Plean 2001 agus tá sé bunaithe ar na dualgais atá leagtha síos in Acht an Rialtais Áitiúil 2001 agus ar na Treoirlínte a eisíodh ar an 30ú lá Meitheamh 2004. Ghlac an Chomhairle leis an bplean ag cruinniú ar an 20ú lá Mí na Nollag 2004.

Is é is cúis le hullmhú agus foilsiú an Phlean Chorparáidigh seo ná cabhrú leis an eagraíocht measúnú a dhéanamh ar a cuid imeachtaí, cuspóirí, tosaíochtaí agus acmhainní ionas gur féidir léi í féin a réiteach le dul i ngleic leis an iliomad dúshlán atá roimpi. Tá sé i gceist Plean Gníomhaíochta Custaiméara a ullmhú chomh maith, rud a leagfaidh amach caighdeán na seirbhíse a chuirfear ar fáil dár gcustaiméirí chomh maith le straitéis chun an plean céanna a chur i bhfeidhm.

Leagann an Plean seo amach bunús do na forbairtí go léir taobh istigh den eagraíocht ar feadh cúig bliana agus cuirfear i bhfeidhm é trí Phleananna Gníomhaíochta Bliantúla. Tá sé i gceist leanúint leis na Tuairiscí Débhliantúla maidir le cur i bhfeidhm, a chur faoi bhráid na Comhairle gach bliain, chun an dul chun cinn a léiriú i gcás na straitéisí éagsúla.

Tá sé mar aidhm againn ag bheith ag feabhsú na seirbhísí a chuirimid ar fáil don phobal agus cuirfimid fáilte roimh mholtaí nó pointí ar bith ónár gcustaiméirí. Is féidir iad a chur chugainn tríd an ríomhphost chuig countysecretary@northtippcoco.ie nó trí litir chuig Roinn na Seirbhísí Corparáideacha, Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh, Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, An tAonach, Co. Thiobraid Árann.

Terry O'Niadh
Bainisteoir an Chontae
Mí na Nollag 2004

Cur Síos ar an gContae

CÚLRA
Cuireadh tús le Tiobraid Árann Thuaidh/Theas i 1838 nuair a roinneadh an contae ina dhá chuid, ar fháthanna éagsúla, ar nós daonra agus achair. Nuair a cuireadh Acht an Rialtais Áitiúil 1898 i bhfeidhm, bunaíodh Comhairle Contae Thiobraid Árann (North Riding) mar príomhaonad an rialtais agus daonlathais áitiúil i dTuaisceart Thiobraid Árann.

Nuair a achtaíodh Acht an Rialtais Áitiúil 2001, d'athraigh an t-ainm go Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh.

Tá Ceanncheathrú nua an Chontae suite sna hOifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, An tAonach, áit a d'oscail don phobal ar an 18ú lá Deireadh Fómhair 2004. Cuireann an t-ionad seo iomlán na seirbhísí ar fáil don phobal agus d'oifigí Chomhairle an Chontae, Comhairle Baile an Aonaigh agus Bord Sláinte an Lár-Iarthair, in aon áit amháin.

San áireamh leis seo, tá ceithre Oifig Cheantair atá suite i mBuiríos Uí Chéin, i nDurlas, i Ros Cré agus sa Phort Nua.

Tá 21 ball ag Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh a sheasann ar son na ceithre thoghcheantar; Buiríos Uí Chéin, An tAonach/An Port Nua, Durlas agus Teampall Mór/Ros Cré. Bíonn na baill tofa trí chóras na hionadaíochta cionmhaire gach cúig bliana nó mar sin. Tharla na toghcháin áitiúla is déanaí i 2004. Glaotar feidhmeanna cúltaca ar na feidhmeanna atá le comhlíonadh ag na hionadaithe seo agus bíonn cinntí maidir le polasaithe agus prionsabail i gceist, don chuid is mó.

Comhlíonann an Bainisteoir Contae, in éineacht leis an mbainistíocht agus an fhoireann, na feidhmeanna eile. Tá sonraí faoi réimse na bhfeidhmeanna seo le fáil ag deireadh an Phlean seo.

NUA-AIMSEARÚ AR AN RIALTAS ÁITIÚIL

Nuair a sheol an tAire Comhshaoil an tionscnamh 'Better Local Government' i 1999, chuaigh Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh i mbun oibre ar na straitéisí éagsúla a bhí mar chuid den fhoráil. Is é an bunfhócas atá leis na straitéisí seo ná nua-aimsearú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirimid seirbhísí ar fáil don phobal agus chun an daonlathas áitiúil a threisiú. Mar thoradh air seo, bunaíodh Coistí um Pholasaí Straitéiseach agus Grúpa um Pholasaí Corparáideach agus rinneadh athsheoladh ar Choistí na gCeantar.

Coistí um Pholasaí Straitéiseach
Bhunaigh an Chomhairle ceithre Choiste um Pholasaí Straitéiseach(CPS) i 2000. Tá Comhairleoirí tofa ar gach CPS chomh maith le hionadaithe ón bhfoirann (neamhthofa). Tá Cathaoirleach dá chuid féin ag gach CPS. Caithfidh sé/sí a bheith tofa ar an gComhairle agus a bheith ceaptha ag an gComhairle. Tugann Stiúrthóir Seirbhísí(atá ina (h)oifigeach lán-aimseartha ag an gComhairle) agus a f(h)oireann

tacaíocht don choiste. Buaileann na CPS le chéile go rialta, de réir mar is gá, ag brath ar an ualach oibre a tugadh dó.

Is é an gnó atá ag na CPS ná polasaithe a fhorbairt agus a chruthú don réimse freagrachta atá acu. Ach coimeádann an Chomhairle an fheidhm atá aici mar údarás na gcinntí deiridh a dhéantar maidir le polasaithe. Tá sé mar fhreagracht ag na CPS comhairle agus moltaí a chur ar fáil maidir le polasaí chuig an gComhairle iomlán trí Chathaoirleach an CPS. Cuirtear tuairiscí faoi chruinnithe na CPS faoi bhráid na Comhairle iomláine, ag cruinniú míosúil na Comhairle Contae.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon pháirt ag na CPS i bhfeidhmiú na Comhairle ó lá go lá nó le haon ábhar nach mbaineann le polasaí, in ainneoin go bhfuil cuid lárnach acu i múnlú polasaí.

I ndiaidh na dToghchán Áitiúil i 2004, rinneadh measúnú ar struchtúr na CPS agus ghlac an Chomhairle le fíoraíocht nua do na CPS. Seo a leanas na sonraí:

- Seirbhísí Tithíochta;
- Seirbhísí Comshaoil agus Éigeandála;
- Pobal agus Fiontar agus Pleanáil agus Seirbhísí Forbartha;
- Iompar, Bóithre agus Seirbhísí Uisce;

Grúpa an Pholasaí Chorparáidigh
Bhunaigh an Tionscnamh "Better Local Government", Grúpa um Pholasaí Corparáideach(GPC) do gach Údarás Áitiúil. Páirteach sa ghrúpa tá an Méara mar Chathaoirleach, in éineacht le Cathaoirligh na CPS éagsúla agus tugann Bainisteoir an Chontae, chomh maith le Foireann Bainistíochta an Chontae tacaíocht dó. Nascann an GPC obair na CPS go léir le chéile agus feidhmíonn sé mar chineál comhaireachta agus cuireann sé fóram ar fáil inar féidir cúrsaí polasaí a bhfuil tionchar acu ar an gComhairle go léir a shocrú le bheith curtha faoi bhráid na Comhairle iomláine. Déanann sé scrúdú chomh maith ar dhréachtaí na mbuiséad bliantúil. Ach, mar atá leis an CPS, coinníonn an Chomhairle údarás iomlán na gcinntí. Feidhmíonn baill an GPC thar ceann na Comhairle ar an mBord Forbartha Contae chomh maith. Buaileann an GPC le chéile go míosúil de ghnáth, roimh chruinniú na Comhairle Contae.

Coistí na gCeantar
Mar a dúradh cheana, tá ceithre thoghcheantar i dTuaisceart Thiobraid Árann agus bunaíodh coiste ceantair do gach ceantar- bíonn baill thofa an cheantair atá i gceist, ar an gcoiste, chomh maith le Méara Chomhairle Baile ar bith atá taobh istigh den cheantar. Buaileann gach coiste le chéile go míosúil nó go démhíosúil agus cabhraíonn Bainisteoir an Cheantair leis(tá freagracht tugtha do gach duine den cheathrar Stiúrthóirí Seirbhísí, i gceantar ar leith.) Is í bunfheidhm Choiste an Cheantair cúrsaí áitiúla a chur sa mheá agus chun moltaí a dhéanamh chuig an gComhairle iomlán, maidir le cúrsaí an cheantair. Cuirtear tuairiscí maidir le cruinnithe Choistí na gCeantar faoi bhráid na Comhairle ag an gcéad chruinniú eile le bheith scrúdaithe.

Ár Sainordú

Is eagraíocht cheannródaíoch, ilfheidhmeach í Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh a chuireann réimse leathan seirbhísí ar fáil taobh istigh dá cheantar féin. Sa bhliain 2004 amháin, beidh €70m caite ag an eagraíocht i gcur ar fáil na seirbhísí agus i gcur ar fáil an bhonneagair chun caighdeán na beatha a fheabhsú do shaoránaigh uile an Chontae. Mar bhunaonad an rialtais áitiúil sa Chontae, tá páirt ghníomhach ag an gComhairle i bhforbairt an Chontae agus na ndaoine, go heacnamaíoch, go tráchtálach, go sóisialta agus go cultúrtha.

Tá an eagraíocht ag feidhmiú ag dhá leibhéal – mar eagraíocht dhaonlathach ionadaíoch agus mar sholáthróir seirbhísí bonneagair, sóisialta agus cultúrtha.

Mar eagraíocht mhór ilfheidhmeach, tá Plean Corparáideach i bhfeidhm ag an gComhairle ina bhfuil an fhís, na cuspóirí agus na straitéisí atá aici leagtha amach os comhair an tsaoil. Chuige seo, tá an Plean Corparáideach seo ullmhaithe againn i gcomhairle leis an bhfoireann go léir, leis na baill thofa, na custaiméirí agus áisíneachtaí eile. In ullmhú an phlean seo, tugadh an deis dúinn machnamh a dhéanamh ar an treo a thógfaimid le freastal ar an iliomad dúshlán atá amach romhainn. Cuireann an plean seo leis an taithí atá faighte againn faoin bPlean Corparáideach 2001-2005.

Cabhraigh an próiseas seo linn straitéisí a chur i bhfeidhm maidir le cúram agus seirbhís chustaiméara, acmhainní daonna, bainistiú airgeadais, bainistiú oibre agus forbairt theicneolaíoch ó thaobh chumarsáide agus eolais de. Ó tugadh tosaíocht do na cuspóirí agus do na straitéisí agus do roinnt na n-acmhainní, tá fócas soiléir ag an eagraíocht don cúig bliana amach romhainn.

Feidhmeoidh an plean seo mar chreatlach d'fhorbairt na heagraíochta amach anseo, mar Chomhairle atá ceannródaíoch, daonlathach, éifeachtach, agus tuisceanach. Cuirfidh sé ar ár gcumas freastal ar an gcontae agus ar na saoránaigh araon i mbealach den scoth.

Ár Misean

Táimid tiomanta, i gcomhpháirtíocht lenár ngeallsealbhóiri ar fad, cáilíocht saoil eacnamaíocht, sóisialta agus cultúir úr bpobail a Fheabhsú.

Ár mBunluachanna

DAONLATHAS
Tá meas againn air, agus tacaímid le páirt dhaonlathach na mball tofa agus na saoránach agus is mór againn an pháirt atá acu i neartú na heagraíochta.

CÚRAM CUSTAIMÉARA/SAORÁNAIGH
Glacaimid leis an ngá atá ann seirbhísí de dhea-chaighdeán a chur ar fáil go gairmiúil, go héifeachtúil, go héifeachtach agus gan chlaontas. Caithfear a chinntiú chomh maith go bhfuil ár gcuid polasaithe agus imeachtaí bunaithe ar dhea-chúram custaiméara.

CÚRAM TIMPEALLACHTA
Táimid meáite ar a chinntiú go bhfuil prionsabal na forbartha inmharthanaí mar chuid dár luachanna, dár bpolasaithe agus dár gcuid gníomhartha. Caithfear meas a léiriú ar ár dtimpeallacht nádúrtha agus tógtha agus ar ár gcultúr agus ár n-oidhreacht, agus iad a chosaint chomh maith.

ÁR bhFOIREANN AGUS ÁR mBAILL THOFA
Aithnímid gurb iad na hacmhainní daonna an tsócmhainn is mó atá againn agus tá a gcuid traenála agus forbartha, chomh maith lena sábháilteacht agus a leas féin, mar bhunchuspóir againn.

PÁIRTÍOCHT
Aithnímid luach na páirtíochta oibre leis an bhfoireann, leis na baill agus leis na saoránaigh agus aithnímid an tábhacht atá léi ó thaobh fhorbairt na heagraíochta amach anseo agus ó thaobh dul i ngleic le hathrú.

Ár dTimpeallacht Oibre

Bíonn tionchar ag go leor rudaí éagsúla orainn mar eagraíocht, bíodh siad seachtrach nó inmheánach agus téann siad i bhfeidhm ar an gcumas atá againn ár spriocanna agus ár gcuspóirí a chur i gcrích.

Maidir leis an gconair atá amach romhainn, caithfimid na rudaí seo a aithint agus méid a dtionchar orainn a mheas, ionas go mbeimid in ann cinntí maithe a dhéanamh agus ár gcuid straitéisí a bheith tugtha san áireamh.

Cúrsaí Inmheánacha

Is é an rud is mó a théann i bhfeidhm ar ár gcumas chun ár n-obair a dhéanamh ná na **hacmhainní daonna**. Tá díograis na foirne agus na mball tofa ar cheann de na sócmhainní is luachmhaire atá againn. Mar thoradh ar an mborradh as cuimse ar an ngeilleagar agus an fás ar leibhéal agus castacht na n-éileamh a bhí á ndéanamh orainn le cúig bliana anuas, ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an struchtúr foirne chun a chinntiú go bhfuilimid in ann freastal ar na héilimh sin. Deineadh an t-athbhreithniú seo i 2000 agus faoi dheireadh 2001 bhí atheagrú suntasach déanta ó thaobh uimhir na foirne, na struchtúr agus na socruithe tuairiscíochta. Ó shin, tá ardú mór maoinithe faighte ag ár gclár traenála agus forbartha agus leagadh amach ár gcláracha traenála bunaithe ar anailís a rinneadh ar riachtanais traenála go háitiúil agus go náisiúnta.
Tá leathnú ag teacht ar na freagrachtaí atá ag na húdaráis áitiúla chomh maith le fás ar an ngníomhaíocht de bharr leathnú na gcláracha reatha. Ciallaíonn sé seo, gur gá dúinn monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an struchtúr foirne le bheith cinnte go bhfuilimid réidh le bheith ag feidhmiú go héifeachtach.

Caithfidh an eagraíocht a chinntiú chomh maith go bhfuil gach ball den fhoireann ag obair i dtimpeallacht atá sábháilte, sláintiúil agus saor ó leatrom, ciapáil nó ó thromaíocht ar bith. Déanann an Fhoireann Chothromaíochta monatóireacht ar an ábhar seo.

Cuireann an tionscnamh “Better Local Government” romhainn éifeachtúlacht a fheabhsú tríd an eagraíocht. Cuireann bunú Phróiséas Páirtíochta san Ionad Oibre gléas éifeachtach ar fáil dúinn chun measúnú a dhéanamh ar na próiséis oibre atá againn agus le fáil amach conas feabhsuithe a dhéanamh, a chruthóidh seirbhís níos fearr agus socruithe oibre níos fearr. Tá grúpaí oibre bunaithe ag an gCoiste um Pháirtíocht Oibre le díriú isteach ar ábhair ar leith agus tá go leor dá chuid moltaí curtha i bhfeidhm cheanna. Cabhraíonn an Coiste le haithint na n-ábhar agus le feabhsú na cumarsáide inmheánaí.

Cabhraíonn forbairt an idirlín leis an gcumarsáid inmheánach. Scaiptear an nuachtlitir mhíosúil ‘Éist’ ar 1,000 duine chomh maith – foireann atá scortha ón obair agus baill thofa san áireamh, agus tá sí ina gléas cumarsáide luachmhar.

Caithfear riachtanais **na mball tofa** a chur san áireamh chomh maith. Cabhróidh feabhsú na teicneolaíochta eolais agus cumarsáide atá curtha ar fáil agus na háiseanna

feabhsaithe ag na hOifigí Chathardha nua leo ina gcuid oibre. Trí obair leanúnach Choistí na gceantar, na gCoistí um Pholasaí Straitéiseach agus an Ghrúpa um Pholasaí Corparáideach, tugtar níos mo deiseanna do na baill cúrsaí oibre agus polasaí a phlé. Cabhraíonn dréachtú na gCláracha Oibre Bliantúla agus na dTuairiscí Ráithiúla eolas tráthúil cruinn a chur ar fáil dár mbaill chun a gcuid oibre a chur i gcrích.

Ba ábhar buairimh don fhoireann, do na baill agus don phobal i gcointinne, suíomh agus droch-chumadh do chuid den ár n-oifigí. Ach nuair a osclófar ár gceanncheathrú nua ag Bóthar Luimnigh, An tAonach ar 18ú lá Deireadh Fómhair 2004, beidh sé ar chumas na ngeallshealbhóirí go léir a bheith ag meascadh le chéile agus a gcuid oibre a chur i gcrích i suíomh nua-aimseartha. Is gá aird a thabhairt anois ar fhorbairt oifigí na gceantar ó thaobh áiseanna agus na lonnaíochta de.

Tá feabhas mór tagtha ar chur ar fáil na seirbhíse de bharr fhorbairt leanúnach na **teicneolaíochta eolais agus cumarsáide**(TEC) agus de bharr dhréachtú na straitéise TEC. Is mór an chabhair iad bunú an tsuímh idirlín agus an fhorbairt leanúnach atá á déanamh air, chomh maith leis an inlíon atá againn. Neartóidh an pháirt atá againn i gcur i bhfeidhm na dtionscnamh ríomhrialtais go mór leis an áis seo.

Is é ceann de na príomhchuspóirí atá leis an gclár um nua-aimsearú a sheol an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ná chun airgead a chaitheamh go héifeachtach, ní chun níos mó airgid a chaitheamh. Tá dualgas orainn a chinntiú go gcomhlíonann ár gcuid gníomhaíochta go léir prionsabail na **dea-bhainistíochta airgeadais agus gnó** agus í bunaithe ar eolas atá ar fáil go héasca, go freagrach agus ar fiúntas airgid. Trí obair na foirne iniúchtha inmheánaí, an Coiste Páirtíochta agus na foirne feidhmeacha, tá dul chun cinn suntasach déanta chun athstruchtúrú a dhéanamh maidir le cur ar fáil na seirbhísí le cinntiú go bhfuil fiúntas airgid i gceist leo.

Tá deiseanna nua curtha ar fáil dúinn chun coincheap an rialtais áitiúil a leathnú, de bharr leathnú leanúnach réimse gníomhaíochtaí na heagraíochta. De bharr na **páirtíochta** cuimsithí leis an bpobal áitiúil, chomh maith le bunú na gCoistí um Pholasaí Straitéiseach agus an Bhoird um Fhorbairt an Chontae, is féidir linn polasaithe a chur i bhfeidhm atá chun leas ceart an phobail.

Cúrsaí Seachtracha

Mar a luadh cheana, bhí tionchar mór ag an **mborradh mór gan choinne ar an ngeilleagar** ar an eagraíocht, ach go háirithe ó thaobh an éilimh ar na seirbhísí agus ar na háiseanna agus an deacracht atá le foireann a earcú agus a choimeád. De bharr méadú ar na cláracha caipitil, tá fás mór tagtha ar an ualach oibre. Is iomaí freagracht atá orainn chomh maith de bharr ár ndualgais faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

Cuireann leibhéal, castacht agus éilimh na reachtaíochta nua a thagann ón AE agus ón rialtas náisiúnta leis an ualach oibre atá orainn. Tarlaíonn sé seo ó thaobh ama, leibhéal na seirbhísí, sainscileanna agus sa chaoi nach gcuirtear acmhainní nua ar fáil i gcásanna áirithe. Ciallaíonn easpa seo na n-acmhainní gur deacair don eagraíocht déileáil leis.

Bíonn éifeacht mhór leis an tionchar atá ag an **Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiuil** orainn maidir le polasaithe, nósanna imeachta, tionscnaimh nua, maoiniú atá ar fáil agus údarás tarmligthe. Le forbairt an Phlean seo, tugadh aird mhaith ar riachtanais na Roinne, na cinn atá luaite sa Ráiteas Straitéise 2003-2005, ach go háirithe.

Tá béim níos mó ag teacht ar an m**Bunús Réigiúnda** atá le go leor dár ngníomhaíochtaí. Tá sé seo le feiceáil i réimse na timpeallachta ach go háirithe agus léiríonn sé seo go soiléir an gá atá leis go gcomhoibríonn na polasaithe a nglactar leo sa cheantar seo, le polasaithe na n-údarás áitiúil eile.

Tá fás tagtha ar **riachtanais agus éilimh na gcustaiméirí** agus tá brú mór curtha ar na seirbhísí a chuireann an eagraíocht ar fáil, maidir le freastal, cur ar fáil agus caighdeán. Tá sé le sonrú chomh maith go bhfuil fás mór ar uimhir agus ar shainscileanna ghrúpa suime an phobail, chomh maith leis na hábhair a bhíonn idir láimh acu. Tá fás ar chlúdach na meán chomh maith. Os rud é gur mó suim an phobail maidir le scrúdú a dhéanamh ar ár gcuid gníomhaíochtaí, is gá dúinn a chinntiú go bhfuil ar bpolasaithe agus ár bhfeidhmeanna ar ard-chaighdeán ó thaobh éifeachtúlachta, éifeachtachta, neamhchlaontais, leanúnachais agus soiléireachta. Caithfidh na prionsabail seo a bheith mar dhlúthchuid dár ngníomhartha.

Mar fhocal scoir, tá an **ráta athraithe** le tamall anuas, i ndiaidh dul i bhfeidhm ar an eagraíocht go mór agus léiríonn sé go soiléir dúinn an gá atá le straitéis socraithe dár bhforbairt amach anseo.

CPS 1

IOMPAR AGUS BÓITHRE

SEIRBHÍSÍ UISCE

CPS 1 IOMPAR AGUS SEIRBHÍSÍ BÓTHAIR

ÁR SPRIOC

Gréasán iompair atá sábháilte agus éifeachteach a chur ar fáil taobh istigh den chontae, le freastal ar riachtanais thráchtálacha agus shóisialta na n-úsáideoirí de réir na bpolasaithe áitiúla agus náisiúnta.

STRAITÉISÍ

1. Bealaí Móra Idir-Uirbeacha

Cabhrú leis na tograí bonneagair a bhaineann leis an gcontae, atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta.

2. Clár Oibreacha Bóthair

An plean reatha 5 bliana um chóiriú dromchla agus atógáil na mbóithre neamhnáisiúnta a chur i bhfeidhm.

3. SCP agus SFA

Cur i bhfeidhm na Scéimeanna um Chabhair an Phobail agus um Fheabhsú Áitiúil a chur chun cinn, de réir liosta na dtosaíochtaí agus i gcomhairle leis na baill thofa agus le grúpaí áitiúla.

4. Comhairliú le DoEHLG agús ÚNB

Comhoibriú a dhéanamh le DoEHLG agus le ÚNB maidir le riachtanais agus tosaíochtaí an chontae.

5. Comhairliú inmheánach

Leanúint leis an measúnú agus leis an bhfeabhsú ar na seirbhísí idir na ranna éagsúla san eagraíocht le heagraíochtaí eile atá ag feidhmiú sa chontae.

6. Caighdeán chóiriú na mbóithre

A chinntiú go gcuirtear oibreacha bóthair i gcrích sa chaoi is éifeachtaí, de réir na bhfeabhsuithe teicniúla agus feidhmiúla atá ann.

7. Pleananna um Bhainistiú Tráchta

Leanúint le cur i bhfeidhm na bpleananna um Bhainistiú Tráchta don Aonach, do Dhurlas agus do Ros Cré,chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh maidir le Pleananna Phort Nua, Béal an Átha/Cill Dálua agus i gcomhairle leis na baill thofa.

8. Sábháilteacht bhóthair sa Chontae

Leanúint le cur chun cinn agus feabhsú na sábháilteachta ar na bóithre sa chontae i gcomhair le Coiste *Road Safety Together* agus an Chomhairle Náisiúnta um Shábháilteacht.

9. Modhanna Iompair Eile

Cabhrú le agus spreagadh a thabhairt do fhorbairt thionscnaimh iompair eile sa chontae.

CPS 1 SEIRBHÍSÍ UISCE

ÁR SPRIOC

A chinntiú go bhfuil soláthar uisce sásúil ar fáil do gach custaiméir agus go bhfuil áiseanna draenála cuibheasacha ag gach áitreabh.

STRAITÉISÍ

1. Glacadh agus cur i bhfeidhm a lorg do na moltaí maidir le feabhsú bhonneagar na seirbhísí uisce, rud a aithníodh agus atá mar thosaíocht sa "WATER SERVICES INVESTMENT PROGRAMME - ASSESSMENT OF NEEDS" 2002-2006 and 2006-2012

2. Cur i bhfeidhm an Phlean um Uisce Tuaithe a chríochnú.

3. Feabhsú leanúnach a dhéanamh ar bhonneagar uisce agus uisce dramhaíola an chontae chomh maith le clár cuimsitheach dá chóiriú.

4. Feabhsú leanúnach a dhéanamh ar chlár na Comhairle d'aimsiú sceithe agus do laghdú fuílligh.

5. Forbairt a dhéanamh ar chlár inmharthanach um chóiriú uisce do shráidbhailte tuaithe.

6. Córas a fheabhsú a chinnteoidh cothromaíocht dár gcustaiméirí, de réir an Pholasaí Náisiúnta um Phraghsanna Uisce.

CPS 2

Seirbhísí Comhshaoil

Seirbhísí Éigeandála

Cosaint Shibhialta

CPS 2 Seirbhísí Comhshaoil

ÁR SPRIOC

A chinntiú go bhfuil timpeallacht ghlan, shláintiúil agus shábháilte ann do shaoránaigh Thiobraid Árann Thuaidh, de réir phrionsabail na forbartha inmharthanaí agus Clár Oibre Áitiúil 21.

STRAITÉISÍ

1. An straitéis um bhainistiú dramhaíola a chur i bhfeidhm atá leagtha amach i bPlean um Bhainistiú Dramhaíola Lár na Tíre agus réimse áiseanna éifeachtacha a riaradh d'athchúrsáil, do bhailiú agus do dhiúscáit.

2. Ard-chleachtas i laghdú na dramhaíola, san athchúrsáil, i mbainistiú chaighdeán an uisce agus an aeir a chur chun cinn. Déanfar é seo chomh maith le heolas timpeallachta i gcointinne a scaipeadh, trí chlár oideachais timpeallachta agus trí chlár oibre timpeallachta.

3. Éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn i ngníomhaíocht uile na Comhairle chomh maith le heolas ar éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn sa Chontae.

4. Caighdeán na n-aibhneacha agus na lochanna i dTuaisceart Thiobraid Árann a fheabhsú trí bhainistiú ceantair chomh maith le scéimeanna aibhneacha agus monatóireachta.

5. Plean um Bhainistiú Bruscair an Chontae a ullmhú agus a chur i gcrích le béim ar leith ar eolas poiblí agus ar smachtú.

6. Fáil réidh le suímh thréigthe agus athnuachan a chothú i gceantair atá ligthe i bhfaillí.

7. Na forálacha cuí d'Acht na Seamlas 1988 agus d'Acht Údarás Shábháilteacht Bia na hÉireann, 1998 a chur i bhfeidhm chun an leibhéal is airde de chosaint tomhaltóra a chinntiú.

8. Áiseanna adhlactha cuibheasacha a chur ar fáil tríd an gContae de réir Pholasaí na Comhairle um Thalamh Adhlactha. Cinnteofar go gcoinneofar na háiseanna reatha ar ard-chaighdeán, maidir le caomhnú agus cosaint na hoidhreachta.

9. Forbairt inmharthanach a chur chun cinn trí iarracht a dhéanamh cothromaíocht a bhaint amach idir na riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta agus na cuspóirí cosanta maidir leis na timpeallacht agus le hoidhreacht.

10. A bheith ag obair i bpáirt leis na húdaráis áitiúla eile sa Chontae chun cuspóirí coiteann timpeallachta a chur chun cinn chomh maith le cur chuige iomlánach maidir le cur ar fáil na seirbhísí a chinntiú.

CPS 2 SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

ÁR SPRIOC

Cúram a dhéanamh do na seirbhísí freagartha do dhóitéain agus éigeandálacha a bheith éifeachtúil agus éifeachtach.

STRAITÉISÍ

1. Seirbhísí freagartha do dhóiteáin agus d'éigeandálacha a chur ar fáil, atá éifeachtúil agus éifeachtach agus eolas poiblí maidir le cúrsaí sábháilteachta a chur chun cinn.

2. Pleanáil agus ullmhú a dhéanamh do fhreagairt chomhordaithe ar éigeandála.

3. Dea-chleachtais tógála a chur chun cinn, chomh maith le sláinte agus sábháilteacht na n-áithritheoirí agus inrochtaineacht do dhaoine le míchumas.

4. Cúram a dhéanamh maidir le sábháilteacht dóiteáin sna foirgnimh atá ann cheana, chomh maith le heolas poiblí a chur chun cinn maidir le sábhailteacht doiteáin.

5. Ár ndualgais a chomhlíonadh go hiomlán maidir le hAcht na Substaintí Dáinséaracha.

CPS 2 COSAINT SHIABHIALTA

ÁR SPRIOC

Seirbhísí cúltaca chur ar fáil i gcás éigeandálacha móra, cabhrú le hÁisíneachtaí eile nuair a iarrtar é agus cabhrú ag Imeachtaí Pobail.

STRAITÉISÍ

1. Measúnú/Cur i bhfeidhm a dhéanamh ar ár bPleananna Forbartha.
2. Ionad Smachta an Chontae a choinneáil agus na stórais/garáistí cuí san áireamh.
3. Earcú na ndaoine cuí a chinntiú agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar ár gclár traenála.
4. Forbairt a dhéanamh ar ár seirbhísí le cabhrú linn freagairt go héifeachtach nuair a iarrtar cabhair nó cúltaca ag éigeandálacha móra nó imeachtaí pobail.

CPS 3

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

CPS 3 SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

ÁR SPRIOC

A chinntiú go bhfuil lóistín ar fáil do mhuintir uile an Chontae ar phraghas cuibheasach, a dhéanann freastal ar a riachtanais shóisialta agus phearsanta.

STRAITÉISÍ

1. Na roghanna atá sa Pholasaí Náisiúnta Tithíochta a chur chun cinn agus a úsáid.

2. (a) Ár gClár Tógála a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

   (b)Forálacha na Straitéise Tithíochta ar ghlac an Chomhairle léi faoi Chuid V den Acht Pleanála agus Forbartha.2000-2002, a chur i bhfeidhm.

3. Plean leanúnach a ullmhú agus a chur i bhfeidhm d'éadáil na talún roimh ré le freastal ar riachtanais na linne agus amach anseo, chomh maith leis an Straitéis Tithíochta a chur i bhfeidhm sa chásanna cuí.

4. A chinntiú go dtacaíonn ár bpolasaí tithíochta le hinmharthanacht tuaithe agus aird againn ar fhorálacha an Phlean um Fhorbairt an Chontae 2004-2010 rud ar ghlac an Chomhairle leis.

5. An plean 4 bliana maidir le lóistín don lucht siúil 2004-2008 a chur i bhfeidhm.

6. Cabhrú le agus forbairt a dhéanamh ar, Earnáil na Tithíochta Deonaí sa Chontae, chomh maith lena é a chur chun cinn.

7. Tosaíocht a dhéanamh de chuimsitheacht shóisialta trí pháirt na n-áitritheoirí i mbainistiú scéimeanna na tithíochta sóisialta.

8. Comhlíonadh na reachtaíochta/na rialachán maidir le Lóistín Cíosa na hEarnála Príobháidí a chur chun cinn, i bpáirt le Bord na dTionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha.

9. Ardú céime a thabhairt dár Stoc Tithíochta trí áiseanna ar nós Teas Lárnach a chur ar fáil chomh maith le háiseanna eile, taobh istigh den mhaoiniú atá ar fáil go náisiúnta agus go háitiúil.

CPS 4

Pleanáil & Forbairt

Seirbhísí Pobail agus Fiontair

Na hEalaíona

Oidhreacht

Leabharlanna

CPS 4 PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

ÁR SPRIOC

Pleanáil cheart agus forbairt inmharthanach an Chontae a chur chun cinn chomh maith le cabhrú le cruthú na fostaíochta inmharthanaí a réitíonn leis an timpeallacht. San áireamh leis sin, cabhrófar le caomhnú na hoidhreachta de réir na bpolasaithe agus na gcuspóirí atá le fáil i bPlean Forbartha an Chontae.

STRAITÉISÍ

1. Polasaithe an Phlean um Fhorbairt an Chontae 2004-2010 a tháinig i bhfeidhm ar an 1ú lá Mí na Samhna 2004, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

2. Iarratais phleanála a phróiseáil taobh istigh den fhráma ama rialaithe agus a chinntiú go bhfuil gach eolas ar fáil do na páirtithe cuí a chabhróidh leo measúnú a dhéanamh ar an bhforbairt atá molta.

3. Na dlíthe pleanála maidir le forbairt gan údarás a chur i bhfeidhm.

4. A chinntiú go spreagann an próiséas pleanála forbairt fhisiciúil, shóisialta agus eacnamaíoch an chontae go dearfa agus go gcinntíonn sé go gcomhlíonann na forbairtí go léir prionsabail na forbartha inmharthanaí.

5. A chinntiú go gcosnaíonn agus go gcaomhnaíonn an próiséas pleanála ár n-oidhreacht thógtha agus go gcothaíonn sé dea-chleachtas maidir le dearadh agus tógáil.

6. Páirtíocht phoiblí fhiúntach sa phróiséas pleanála a chothú.

7. Úsáid a bhaint as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide le cabhrú le nua-aimsearú na seirbhíse pleanála agus bhainistiú eolais.

CPS 4 POBAL AGUS FIONTAR

ÁR SPRIOC

Páirtíocht a chothú idir an Rialtas Áitiúil, Forbairt Áitiúil, Áisíneachtaí Reachtúla agus páirtithe sóisialta ó thaobh chur i bhfeidhm Straitéis an Bhoird um Fhorbairt an Chontae 2002-2012.

STRAITÉISÍ

1. Comhordú a dhéanamh ar phróiseas chur i bhfeidhm Straitéis an Bhoird um Fhorbairt an Chontae.
2. Comhoibriú agus comhordú a chur chun cinn i measc áisíneachtaí na seirbhísí poiblí.
3. Cuimsitheacht agus Imeascadh Sóisialta a chur chun cinn i dTiobraid Árann Thuaidh de réir aidhmeanna na Straitéise Náisiúnta Frith-Bhochtaineachta.
4. Forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn i dTiobraid Árann Thuaidh in éineacht leis na Ranna Reachtúla agus na Ranna um Fhorbairt Áitiúil.

ÁR SPRIOC

Cabhrú le agus tacaíocht a thabhairt do na hearnálacha pobail agus deonacha a bheith eagraithe agus gníomhach i bhforbairt a bpobail féin.

STRAITÉISÍ

1. Forbairt chultúrtha a chur chun cinn i dTiobraid Árann Thuaidh in éineacht leis na earnálacha reachtúla agus deonacha.
2. Fóraim an Phobail agus na Fóraim Dheonacha a fhorbairt agus tacú leo, i dTiobraid Árann Thuaidh.
3. Maoiniú a chur ar fáil trí Scéim na nDeontas um Spórt Pobail agus um Chultúr, le cabhrú le Grúpaí Pobail agus Deonacha an fhorbairt chuí a dhéanamh ar na háiseanna atá ina gceantar.
4. Tacú le Coiste Thiobraid Árann Thuaidh um Chúram Leanaí maidir le cur chun cinn chúram leanaí i dTiobraid Árann Thuaidh agus aird á díriú ar an Straitéis Náisiúnta um Chúram Leanaí agus an Straitéis um Chúram Leanaí do Thiobraid Árann Thuaidh 2002-2006.
5. A chinntiú go bhfuil go leor spásanna cuibheasacha ann ó thaobh cúram leanaí, ar fáil.
6. Tacaíocht, traenáil agus eolas, a chur ar fáil do lucht chúram leanaí ar bhunús leanúnach.

7. Cuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn trí thacaíocht agus eolas a chur ar fáil do Ghrúpaí Pobail agus Deonacha maidir le cur ar fáil chúram leanaí gan chlaontas.

CPS 4 SEIRBHÍSÍ NA nEALAÍON

ÁR SPRIOC

Saol ealaíon na saoránach a fheabhsú trí sheirbhís ealaíon a chur ar fáil atá ar ard-chaighdeán agus atá freagrach agus a dhéanfaidh comhoibriú le daoine eile chun soláthar na n-ealaíon a fhorbairt i dTiobraid Árann Thuaidh. Déanfar é seo de réir sholáthar na n-acmhainní agus de réir chuspóirí iomlána an Údaráis Áitiúil.

STRAITÉISÍ

1. Cruthaitheacht ealaíontóra a aithint, a chothú agus a chur chun cinn ag gach leibhéal i dTiobraid Árann Thuaidh.

2. Tacú le caighdeáin léirithe gairmiúla méadaithe do na healaíona sa chontae.

3. Tacú le páirtíocht mhéadaithe sna healaíona.

4. Lucht féachana/éisteachta nua a fhorbairt do na healaíona agus cur ar fáil na n-ealaíon a fheabhsú don phobal i gcoitinne.

5. Páirtíochtaí reatha a dhaingniú agus forbairt a dhéanamh ar pháirtíochtaí nua maidir le cur ar fáil ghníomhaíocht na n-ealaíon sa chontae.

6. Forbairt sa bhreis a dhéanamh ar chur ar fáil an eolais faoi na healaíona sa chontae.

CPS 4 SEIRBHÍSÍ OIDHREACHTA

ÁR SPRIOC

Is iad aidhmeanna an Phlean Oidhreachta ná tuiscint agus taitneamh a chothú i measc an phobail maidir le hoidhreacht thogtha, nádúrtha agus cultúrtha Thiobraid Árann Thuaidh trí níos mó eolais a scaipeadh faoi. Chun an éagsúlacht áitiúil a chaomhnú agus a fheabhsú, acmhainní neamh-athnuaite a chosaint agus chomhoibriú agus freagracht an phobail a chothú.

STRAITÉISÍ

1. Tuiscint ar oidhreacht an chontae a fheabhsú. Cur ar fáil na hoidhreachta a fheabhsú. Páirtíocht leathan in imeachtaí agus in eachtraí oidhreachta a chothú.

2. Bailiú agus scaipeadh an eolais a fheabhsú i dTiobraid Árann Thuaidh. Sonraí a bhailiú faoi ábhair agus faoi shuímh oidhreachta sa chontae. An tuiscint is leithne is féidir a scaipeadh maidir le hoidhreacht an chontae.

3. Bealaí a aithint chun an oidhreacht nádúrtha a chosaint. Tuiscint ar an nasc idir an oidhreacht nádúrtha agus thógtha a fheabhsú.

4. Oideachas agus traenáil maidir le cúrsaí oidhreachta a chur ar fáil i dTiobraid Árann Thuaidh. Tuiscint a fheabhsú maidir leis an tionchar a bhíonn ag forbairt agus ag athrú ar gach cuid d'oidhreacht an chontae. Ard-chleachtas a aithint agus é a chur chun cinn. Cabhrú le hard-chaighdeán leanúnach sa taighde.

5. Ionaid stórais a bhunú d'ábhair agus do chartlanna a bhfuil úinéireacht phoiblí ag baint leo.

6. Plean um Eagsúlacht Bhitheach a ullmhú agus a fhorbairt don Chontae.

SEIRBHÍSÍ LEABHARLANN

ÁR SPRIOC

A chinntiú go bhfuil Seirbhís Leabharlann agus Eolais ar ard-chaighdeán ar fáil do gach duine. Beidh an tseirbhís seo freagrach ar athruithe riachtanais an phobail agus tacóidh sí go hiomlán le foghlaim fad-saoil.

STRAITÉISÍ

1. Leanúint leis an dul chun cinn i gClár Caipitil na Leabharlann agus Clár Tosaíochtaí na Leabharlann.

2. Plean 5 bliana um Fhorbairt na Leabharlann a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

3. Leanúint leis an bhfeabhsú ar chaighdeán stoc na leabhar agus na n-ábhar bainteach eile, idir chlóite agus leictreonach.

4. Leanúint leis an bhfeabhsú ar chur ar fáil poiblí an idirlín agus cur ar fáil Theicneolaíochtaí Eolais agus Cumarsáide ag brainsí uile na leabharlann.

5. Leanúint le leathnú chlár uathoibríoch na leabharlann tríd an gContae, rud a fheabhsóidh cur ar fáil na seirbhíse agus a bhainfidh an úsáid is fearr as na hacmhainní.

6. Forbairt leanúnach a dhéanamh ar chur ar fáil réimse leathan seirbhísí leabharlann ar an idirlíon sa bhaile/i gcéin.

7. Clár a fhorbairt chun méad na n-uaireanta oscailte a ardú ar mhaithe le haimsiú na seirbhísí a fheabhsú.

8. Cláracha um Thraenáil agus Fhorbairt Foirne a fhorbairt, le cabhrú le gach duine san fhoireann sainscileanna cuibheasacha a fháil a chuirfidh ar a gcumas a ndualgas a chomhlíonadh go hoilte agus go gairmiúil.

9. Seirbhísí agus cláracha a fhorbairt a thacóidh agus a chuirfidh polasaí um chuimsitheacht shóisialta chun cinn sna leabharlanna go léir.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

DAONLATHAS ÁITIÚIL

ACMHAINNÍ DAONNA

TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

PÁIRTÍOCHT SAN ÁIT OIBRE

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

CÁIN GHLUAISTEÁN

CÓRAIS FAISNÉISE

DAONLATHAS ÁITIÚIL

ÁR SPRIOC

Daonlathas áitiúil a fheabhsú agus a fhorbairt.

STRAITÉISÍ

A chinntiú go bhfuil an t-eolas, an traenáil, an chomhairle agus na háiseanna cearta ar fáil dár n-ionadaithe tofa agus atá ag teastáil uathu chun a gcuid oibre a chur i gcrích.

Páirtíocht an phobail agus na n-earnálacha eile a chothú i bhforbairt an chontae, trí obair na gCoistí um Pholasaí Straitéiseach agus an Bhoird um Fhorbairt an Chontae.

A chinntiú go bhfuil páirtíocht ann i gcúrsaí réigiúnda, trí ionadaíocht ar an Údarás Réigiúnda agus an Tionól Réigiúnda.

BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA

ÁR SPRIOC

Aithnímid gurb í an fhoireann ceann de na hacmhainní is tábhachtaí againn agus go bhfuil rí-thábhacht don eagraíocht ag baint lena bainistiú, ionas go gcuirfear an plean sé i bhfeidhm i gceart. Táimid meáite ar phlean um bhainistiú na n-acmhainní daonna a fhorbairt, rud a chabhróidh le baill iomlán na foirne a gcumas iomlán a bhaint amach agus a chuirfidh ar chumas na heagraíochta seirbhís den scoth a chur ar fáil don Chontae seo.

STRAITÉISÍ

1. Measúnú a dhéanamh ar struchtúr na foirne nuair is gá, chun sainscileanna agus uimhir na foirne atá ag teastáil chun an spriocanna agus cuspóirí an phlean seo a chur i bhfeidhm, a mheas. Braithfidh an measúnú seo ar na hacmhainní atá ar fáil.

2. Monatóireacht a dhéanamh ar ár bpolasaí earcaíochta go leanúnach, ar mhaithe le cinntiú go bhfuil go sé éifeachtach.

3. Clár traenála bliantúil a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm do bhaill na foirne go léir agus do na baill thofa. Déanfaidh sé seo freastal ar na riachtanais traenála a aithníodh san tionscnamh anailíse ar riachtanais traenála. Chomh maith leis seo, déanfar measúnú ar na riachtanais traenála go leanúnach.

4. Polasaí maidir le haistriú foirne a chur i bhfeidhm, ar mhaithe le deiseanna a chur ar fáil don fhoireann taithí sa bhreis a fháil agus chun riachtanais scileanna na heagraíochta a chomhlíonadh.

5. Sláinte, sábháilteacht agus leas na foirne go léir a chosaint trí chur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le sláinte agus sábháilteacht, chomh maith le clár um leas na foirne a fhorbairt.

6. A chinntiú go bhfuil an fhoireann go léir ag obair i dtimpeallacht atá saor ó leatrom, ó thromaíocht, ó chiapáil ghnéis agus ó éagothromaíocht deiseanna, ionas go mbeidh siad in ann lán a gcumais a bhaint amach.

7. Cumarsáid a fheabhsú, chomh maith le páirtíocht iomlán na foirne a chothú trí obair leanúnach na bhfoirne feidhmeacha agus trasfheidhmeacha.

8. Feabhsú sa bhreis a dhéanamh ar fhorbairt na foirne agus ar ghlacadh na freagrachta, trí tharmligint na bhfeidhmeanna cuí.

9. Comhairle agus eolas a chur ar fáil don fhoireann maidir lena socruithe oll-aoisliúntais agus cabhrú leis an bhfoireann ullmhú do bheith ag scor ón obair.

TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

ÁR SPRIOC

Seirbhísí tráthúla, cruinne, cuimsitheacha a chur ar fáil do shaoránaigh Thiobraid Árann Thuaidh thar réimse leathan gníomhaíochtaí.

ÁR STRAITÉISÍ

1. Ceadúnais Hacnaí: Eisiúint thapaigh, chruinn, na gceadúnas a chinntiú.

2. Clár Eagraithe Iomlán na dToghthóirí: A chinntiú go gcoinnítear na Cláracha i gceart agus go ndéantar nua-shonrú orthu.

3. Deontais Ard-Oideachais: Scéim na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a riaradh i gcaoi a bhfreastalaíonn ar riachtanais na mac léinn.

4. Bainistiú Priacail: Clár um Bhainistiú Priacail a chur i bhfeidhm atá dírithe ar bhaol na dtimpistí a laghdú agus a laghdaíonn an baol a bhféadfadh teacht astu don eagraíocht.

PÁIRTÍOCHT SAN ÁIT OIBRE

ÁR SPRIOC

Cultúr na páirtíochta a neartú san eagraíocht.

STRAITÉISÍ

Leanúint le forbairt agus cur i bhfeidhm plean um pháirtíocht oibre a bhfuil polasaithe, straitéisí agus cláracha oibre ann a dhíríonn ar athruithe a chur i bhfeidhm taobh istigh den eagraíocht tríd an bpróiseas páirtíochta.

A chinntiú go bhfuil gléasanna comhairleoireachta éifeachtacha ann idir an fhoireann an bhainistíocht agus na ceardchumainn, ach go háirithe maidir le hathrú ar an eagraíocht.

A chinntiú go bhfuil gléas cumarsáide éifeachtach ann idir an Coiste Páirtíochta agus na coimeádaithe go léir chun eolas a scaipeadh ar chúrsaí páirtíochta.

Cur chuige foirne a chothú tríd an eagraíocht agus muinín a chothú i measc na foirne ina gcumas féin agus sa chumas atá ag an eagraíocht féin, ard-chaighdeán seirbhísí a chur ar fáil dár gcustaiméirí.

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

ÁR SPRIOC

A chinntiú go mbíonn imeachtaí uile na Comhairle seo bunaithe ar dhea-chleachtais um bhainistiú airgeadais agus go gcomhlíonann siad an reachtaíocht chuí agus na cleachtais agus na caighdeáin cuntasaíochta is fearr, ionas go mbainfear an leas is fearr as na hacmhainní go léir atá ar fáil agus go roinnfear iad i mbealach a chinnteoidh go gcuirfear na straitéisí atá leagtha amach sa phlean seo, i bhfeidhm go hiomlán.

STRAITÉISÍ

Eolas airgeadais atá tráthúil agus cruinn a chur ar fáil, chomh maith le comhairle a chur ar na húsáideoirí go léir maidir le cinní maithe a dhéanamh.

A chinntiú go bhforbrófar córas smachta inmheánach cuibheasach sa Roinn Airgeadais agus sna Ranna eile.

Monatóireacht agus smachtú a dhéanamh ar an ioncam agus ar an gcaiteachas go léir.

Dea-chleachtas airgeadais a fhorbairt agus a chur chun cinn chomh maith le feabhsuithe éifeachtúla a chur i bhfeidhm ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais.

Moltaí na staidéar maidir le fiúntas airgid a chur i bhfeidhm pé áit is cuí.

An Úsáid is fearr a bhaint as Caipitil Oibre

CÁIN GHLUAISTEÁN

ÁR SPRIOC

Seirbhís custaiméara ard-chaighdeán a chur ar fáil don phobal atá saor, cuimsitheach agus atá ar fáil do chách.

STRAITÉISÍ

1. Seirbhís den scoth a chur ar fáil i mbealach cóir, éifeachtúil, leanúnach agus cúirtéiseach.

2. An leas is fearr a bhaint as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide chun cur ar fáil na seirbhíse a fheabhsú.

CÓRAIS FAISNÉISE

ÁR SPRIOC

Cabhrú le cur i bhfeidhm na spriocanna agus na gcuspóirí atá sa Phlean Corparáideach trí sheirbhís teicneolaíochta um chumarsáid agus eolas a chur ar fáil, atá nua-aimseartha agus éifeachteach.

STRAITÉISÍ

1. Teicneolaíocht eolais agus chumarsáide a thabhairt isteach agus tacú léi, i bhfeidhmeanna gnó na heagraíochta le cabhrú leo a gcuspóirí a bhaint amach.

2. Bonneagar daingean teicneolaíochta a chur ar fáil don eagraíocht.

3. Cabhrú le roinnt an eolais taobh istigh den eagraíocht agus leis na coimeádaithe.

4. Seirbhís tacaíochta teicniúla a chur ar fáil don Fhoireann agus do na Baill Thofa.

5. Cabhrú le forbairt cumais agus scileanna i TE, taobh istigh den eagraíocht.

6. A bheith mar chuid de, agus cabhrú le himeachtaí ríomhrialtais agus ríomhdhaonlathais.

7. Tacú le himeachtaí ag leibhéal eagraithe agus trasfheidhmeach.

8. Seirbhísí Iontráil Sonraí agus Phróiseáil Sonraí a chur ar fáil.

PRÍOMHGHNÍOMHACHTAÍ

Tá príomhghníomhaíochtaí na Comhairle le fáil taobh istigh de 8 gClár-Ghrúpa. Seo a leanas na sonraí:

CLÁR 1 - SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA AGUS TÓGÁLA

Tithíocht an Údaráis Áitiúil
Cúnamh do dhaoine a chuireann tithíocht ar fáil dóibh féin
Cúnamh do dhaoine atá ag déanamh feabhsuithe tí
Lóistín an Lucht Siúil
Forálacha um Chuimsitheacht Shóisialta

CLÁR 2 - IOMPAR AGUS SEIRBHÍSÍ BÓTHAIR

Feabhsú agus Cóiriú ar Bhóithre agus ar Chosáin
Bainistiú Tráchta
Sábháilteacht Bóthair

CLÁR 3 - SEIRBHÍSÍ UISCE AGUS UISCE DRÁMHAÍOLA

Scéimeanna Soláthair um Uisce Poiblí
Scéimeanna Poiblí Uisce Drámhaíola
Suiteáil Phríobháideach

CLÁR 4 – SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA AGUS FORBARTHA

Pleanáil Úsáid na Talún
Forbairt Thionsclaíoch
Forbairt Eile agus Cur Chun Cinn
Feidhmeanna Ionadaíochta
Cur Chun Cinn Leas an Phobail Áitiúil
Meascadh Cheantair an Údaráis Áitiúil

CLÁR 5 - SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

Bainistiú Drámhaíola chomh maith le hAthchúrsáil
Ionaid Adhlactha
Sábháilteacht na Struchtúr agus na Suíomh Tréigthe
Seirbhísí Doiteáin agus Éigeandála
Smachtú Truaillithe/Bainistiú Chaighdeán an Uisce
Forbairt Inmharthanach

CLÁR 6 - CAITHEAMH CAITHEAMH AGUS TAITNEAMHACHT

Linnte Snámha
Leabharlanna
Páirceanna Poiblí, Spásanna Oscailte agus Ionaid Súgartha

Ionaid Chaithimh Aimsire
Áiseanna
Seirbhísí na nEalaíon
Seirbhísí Oidhreachta

CLÁR 7 - TALMHAÍOCHT, OIDEACHAS, SLÁINTE AGUS LEAS SÓISIALTA

Seirbhísí Talmhaíochta/Tréidliachta
Deontais Oideachais
Sláinte/Leas Sóisialta

ÁBHAIR ÉAGSULA

Ceannach Talún agus Forbairt
Fearas agus Amhábhair
Margaí, Aonaigh agus Seamlais
Toghcháin Aitiúla agus Clár na dToghthóirí
Riaradh an Chirt agus Chosaint an Tomhaltóra.
Bainistiú Airgeadais
Acmhainní Daonna
Córais Faisnéise
Seirbhísí Corparáideacha